Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# LEABHARLANNA FHINE GALL: BEARTAS FORBARTHA BAILIÚCHÁN

Athbhreithnithe:
Nollaig 2025

## RÁITEAS MISIN

Tá Leabharlanna Fhine Gall tiomanta do spásanna sábháilte, ionchuimsitheacha agus saibhrithe a sholáthar laistigh den phobal .Déanaimid ár ndícheall foghlaim, litearthacht agus cruthaitheacht a chothú trí sheirbhísí oiriúnaitheacha agus nuálacha a thairiscint do chách.

## CRÍOCH

Tá an beartas seo ina chreat-doiciméad chun roghnú, cothabháil, coinneáil agus diúscairt na n-ábhar a choimeádtar i mbailiúcháin Leabharlanna Chontae Fhine Gall a chinneadh. Tugtar ann treoirlínte gairmiúla do bhaill foirne, agus geallsealbhóirí á gcoinneáil ar an eolas faoinár modheolaíocht ag an am céanna.Sa deireadh thiar, cuirtear ar ár gcumas lenár mBeartas Forbartha Bailiúchán an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar dár n-iasachtaithe i gcomhréir lenár misean chun freastal ar a riachtanais oideachais, áineasa agus faisnéise ar feadh an tsaoil.

## CUSPÓIRÍ

Aithníonn Leabharlanna Chontae Fhine Gall riachtanais athraitheacha ár n-iasachtaithe agus déanaimid dianiarracht freastal ar na riachtanais sin. Aithnímid freisin go mbíonn an teicneolaíocht ag forbairt i gcónaí agus nach mór dúinn fanacht ábhartha sna formáidí agus sna hábhair a chuirimid ar fáil. Tá bród ar Leabharlanna Fhine Gall as a bhforbairt bailiúchán nuálach agus tá sé de rún againn cur leis an nuálaíocht sin trí leanúint de sheirbhísí digiteacha úrscothacha a sholáthar i dteannta formáidí níos traidisiúnta.

De réir mar a thagann méadú ar dhaonra Fhine Gall, ní mór ár mbailiúchán a bheith ag freastal ar riachtanais ár n-iasachtaithe, ar riachtanais iad a bhíonn ag éirí níos éagsúla. Chomh fada agus is féidir, comhlíonfaidh ár mbailiúcháin riachtanais dhéimeagrafacha, theangeolaíocha agus chultúrtha ar leith. Freastalóimid freisin ar na riachtanais dhifriúla atá ag aoisghrúpaí éagsúla, agus tuigimid go bhfuil riachtanais ár n-iasachtaithe is óige chomh hábhartha le riachtanais na n-iasachtaithe sin atá ag baint úsáid as ár seirbhísí le blianta móra anuas. Roghnaítear ábhair leabharlainne ar bhonn a bhfiúntas faisnéise, oideachais agus áineasa, agus tá siad ceaptha chun freastal ar na riachtanais atá ag pobal leathan. Éilítear lenár sainchúram béim a chur ar ábhair a bheidh luachmhar don phobal i gcoitinne.

## BAILIÚCHÁIN REATHA: FORBHREATHNÚ

Mar chuid dár bPlean Forbartha Leabharlann reatha, chuaigh Leabharlanna Fhine Gall i mbun comhairliúchán fairsing leis an bpobal, agus é mar aidhm acu tuiscint níos soiléire a ghnóthú ar riachtanais an phobail áitiúil. Áiríodh mapáil beartais, forbairt suirbhéanna agus anailís ar thorthaí suirbhéanna leis an gcaidreamh sin le geallsealbhóirí freisin. A bhuí leis an measúnú domhain sin ar riachtanais an phobail, bhíomar in ann riachtanais dhéimeagrafacha agus chultúrtha mhuintir Fhine Gall a thuiscint agus freagairt dóibh.

## BAILIÚCHÁIN GHINEARÁLTA

Tá bailiúchán ginearálta Leabharlanna Fhine Gall comhdhéanta d'ábhar ficsin, d'ábhar neamhfhicsin agus d'ábhar tagartha, agus iad rangaithe go sonrach do na riachtanais éagsúla atá ag aosaigh, ag déagóirí agus ag leanaí. Tá ár n-ábhar closamhairc comhdhéanta de leabhair thaifeadta ar CD agus ar MP3, chomh maith le DVDanna. Tá míreanna agus rudaí neamhthraidisiúnta againn freisin, amhail Fearais Fuinnimh agus míreanna céadfacha.

Oibríonn Leabharlanna Fhine Gall le sainsoláthraithe freisin chun ábhar digiteach a sholáthar, rud a thugann rochtain ar leabharlann fhíorúil 24 uair an chloig sa lá. Leanann ár n-ardáin ríomhsheirbhíse ar aghaidh ag leathnú, agus cuirimid ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, ríomhirisí agus ríomhnuachtáin ar fáil tríothu faoi láthair. Cuirimid cúrsaí oideachais ar líne, foghlaim teanga, códú, sruthú ceoil, ranganna clóscríbhneoireachta, fís-sruthú agus cúrsaí uimhearthachta ar fáil freisin.Tá na hardáin dhigiteacha sin ar leithligh ónár rochtain bunachar sonraí ar acmhainní ar líne amhail ciclipéidí, sonraí gnó, suíomhanna Gréasáin ginealais, agus suíomhanna Gréasáin taighde.

## BAILIÚCHÁIN SPEISIALTA

I measc bhailiúcháin speisialta an Ionaid Staidéir Áitiúil agus na Cartlainne tá Taifid Ghraí Chlochráin, comhfhreagras agus earraí cuimhneacháin Chumann na mBan, bailiúchán Thomáis Áis, agus rogha de pháipéir eastát mhuintir Talbot ó Mhullach Íde. Is féidir ábhair thagartha an Ionaid Staidéir Áitiúil a rochtain trí choinne a dhéanamh. Áirítear lenár stoc cartlainne Bailiúchán Hely-Hutchinson, Páipéir Eastát Fingall, Páipéir Eastát Hamilton, Barúin Bhaile an Aba, páipéir a bhaineann le Cath Chill Dhéagláin 1916, agus Brigid Connolly, Cartlann Mhuileann Shackleton, miontuairiscí Chumann Feirmeoireachta Fhine Gall, agus roinnt bailiúcháin bheaga. Is féidir é a cheadú trí choinne freisin.

Bailiúchán Éire Shláintiúil: oibrímid mar chomhpháirtí seachtrach le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun bailiúchán coimeádta teideal a thairiscint a dhíríonn ar shláinte agus folláine daoine a fheabhsú. Is é an sprioc atá leis ná galair ainsealacha a chosc trí iompraíochtaí sláintiúla stíl mhaireachtála a spreagadh agus trí thimpeallachtaí níos sláintiúla a chruthú.

Bailiúcháin Ghaeilge: Tá Leabharlanna Fhine Gall tiomanta d'fhorbairt agus úsáid fhorleathan na Gaeilge trí acmhainní a sholáthar lena n-úsáid ag gach duine, beag beann ar aois agus ar chúlra.

Bailiúchán Scileanna don Saol: Is clár náisiúnta é seo lena gcuirtear acmhainní saor in aisce ar fáil chun cabhrú le haosaigh gnáthscileanna laethúla a fhorbairt, amhail dul ar líne, airgead a bhainistiú, fanacht sláintiúil, agus saol níos inbhuanaithe a bheith acu.

Bailiúchán Work Matters: Mar chuid de thionscnamh Leabharlanna Éireann, tá acmhainní againn atá ceaptha chun tacú le riachtanais fostaíochta agus ghnó.

Teidil do Chlubanna Leabhar: Tá cóipeanna de theidil atá coimeádta do chlubanna leabhar ar fáil i gCeanncheathrú na Leabharlainne agus sna Leabharlanna Soghluaiste. Is é an aidhm ná iasachtú tapa ilchóipeanna de theidil a mheastar a bheith ina n-ábhar spéise do chlubanna leabhar áitiúla a éascú.

Tacair Ranga: Tá bailiúchán de thacair leabhar atá intugtha ar iasacht ag scoileanna ar fáil i Leabharlann Mhullach Íde. Agus iad ceaptha lena n-úsáid ag múinteoirí, soláthraímid tacair 30 cóip de leabhair mhóréilimh do naíonáin bheaga, d'aosaigh óga agus do gach grúpa idir eatarthu.

Bailiúchán Céadfach: Tugaimid bréagáin chéadfacha agus cluichí céadfacha ar iasacht, amhail cláir chothromaíochta, áiseanna scríbhneoireachta, mataí méirínteachta, agus bréagáin shuaimhneasacha, do leanaí nó daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama nó riachtanais speisialta acu chun tacú le forbairt scileanna luaile, súgartha agus saoil.

## BREITHNIÚCHÁIN CHEANNAIGH

Tá oibleagáid dhlíthiúil orainn ábhair a cheannach ó na soláthraithe leabharlainne sin a bhfuil tairiscintí náisiúnta buaite acu, faoi fhormhaoirseacht na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Is iad ionadaithe tofa ar an leibhéal áitiúil a chinneann an leithdháileadh acmhainní le haghaidh ceannach stoic. Táimid tiomanta do luach ar airgead a uasmhéadú agus acmhainní á leithdháileadh againn. Táimid tiomanta freisin do ghabháil do chleachtais soláthair ghlais agus ábhair leabharlainne á gceannach againn.

Den chuid is mó, is iad baill foirne sa Rannóg Ceannaithe atá i mbun stoc a roghnú. Sanntar freagracht as ceannach de réir réimsí agus formáidí tairisceana náisiúnta.Bíonn rochtain ag baill foirne ar shuíomhanna Gréasáin ceirde, ar fhoinsí bibleagrafacha, ar thréimhseacháin ghairmiúla agus ar shuíomhanna Gréasáin foilsitheoirí creidiúnacha.

Cé go mbíonn baint ag an Rannóg Ceannaithe go príomha le ceannach leabhar, imríonn baill foirne brainse príomhról i stoc ar leith a iarraidh dá leabharlanna. Is iad baill foirne brainse an cainéal trína ndéantar moltaí ó iasachtaithe maidir le ceannacháin. Déanann an Rannóg Ceannaithe athbhreithniú ar mholtaí ó iasachtaithe maidir le ceannacháin lena gcur ar áireamh sa bhailiúchán, faoi réir na gcritéar roghnúcháin rialta.

I bhfianaise chineál speisialaithe a stoic, is iad a mbaill foirne féin a dhéileálann leis an gceannach don Ionad Staidéir Áitiúil agus don Chartlann den chuid is mó.

Áirítear iad seo a leanas leis na critéir le haghaidh ábhair a roghnú:
- Ábharthacht d'ábhair spéise agus riachtanais an phobail
- Oiriúnacht an ábhair, na stíle agus an leibhéil don spriocphobal beartaithe
- Oiriúnacht na formáide do chúrsaíocht agus úsáid leabharlainne
- Praghas, infhaighteacht, agus buiséad na Rannóige Ceannaithe
- Ábhar Éireannach agus ábhar Gaeilge
- Ábhar móréilimh
- Clasaicí marthanacha
- Clú agus cáilíochtaí an eagarthóra, an údair nó an fhoilsitheora
- Cruinneas, iontaofacht agus reathacht an ábhair
- Cumas chun bearna ábhair a líonadh
- Tábhacht áitiúil an ábhair nó an údair
- Leas cultúrtha an ábhair nó an údair
- Ábharthacht do láidreachtaí agus laigí an bhailiúcháin atá ann cheana
- Ábhar níos sine a nuashonrú agus a athsholáthar
- Raon éagsúil ábhar a chothabháil
- Ní féidir bailiúchán atá nua-aimseartha, ábhartha agus leathan a chothabháil ach amháin trí bhreithmheas gairmiúil leanúnach.Déantar díroghnú ar ábhair leabharlainne chun a chinntiú go mbíonn na bailiúcháin ag freagairt do riachtanais na n-iasachtaithe. Is próiseas leanúnach é díroghnú agus is iad baill foirne leabharlainne atá freagrach as, agus iad ag gníomhú de réir na gcritéar seo a leanas:
- Damáiste nó drochbhail
- Ábhar atá as dáta nó gearrshaolach
- Úsáid san am atá thart agus úsáid ionchais sa todhchaí
- Measúnú ar ábharthacht oideachais, áineasa agus faisnéise
- Athsholáthar le heagrán níos nuaí agus/nó infhaighteacht ábhair níos cothroime le dáta
- Infhaighteacht in áit eile
- Infhaighteacht spáis seilf agus/nó stórála
- Dúbláil cóipeanna
- Ábharthacht do scór bailiúcháin shonraigh

## STOC A DHÍROGHNÚ

Ní féidir bailiúchán atá nua-aimseartha, ábhartha agus leathan a chothabháil ach amháin trí bhreithmheas gairmiúil leanúnach.Déantar díroghnú ar ábhair leabharlainne chun a chinntiú go mbíonn na bailiúcháin ag freagairt do riachtanais na n-iasachtaithe. Is próiseas leanúnach é díroghnú agus is iad baill foirne leabharlainne atá freagrach as, agus iad ag gníomhú de réir na gcritéar seo a leanas:

- Damáiste nó drochbhail
- Ábhar atá as dáta nó gearrshaolach
- Úsáid san am atá thart agus úsáid ionchais sa todhchaí
- Measúnú ar ábharthacht oideachais, áineasa agus faisnéise
- Athsholáthar le heagrán níos nuaí agus/nó infhaighteacht ábhair níos cothroime le dáta
- Infhaighteacht in áit eile
- Infhaighteacht spáis seilf agus/nó stórála
- Dúbláil cóipeanna
- Ábharthacht do scór bailiúcháin shonraigh

## MEASTÓIREACHT AR BHAILIÚCHÁIN

Déanann Leabharlanna Fhine Gall measúnú leanúnach ar fheidhmíocht a stoic trí mhodhanna cainníochtúla agus trí mhodhanna cáilíochtúla.Déanaimid measúnú tráthrialta ar fheidhmíocht staitistiúil ár mbailiúcháin trí fheidhmeanna tuairiscithe ár gcórais bainistíochta leabharlainne. Tá figiúirí cúrsaíochta agus áirithinte ina gcuid thábhachtach dár dtáscairí feidhmíochta. Ó thaobh na cáilíochta de, bímid ag brath ar aiseolas ó bhaill foirne brainse agus ó iasachtaithe chun a chinntiú go mbímid ag freastal ar riachtanais na bpobal áitiúil.

## TABHARTAIS

Cé go nglacaimid le roinnt tabhartas, coimeádaimid an ceart chun a chinneadh an bhfuil na hábhair ag teacht le beartais forbartha bailiúcháin reatha nó nach bhfuil. Is iad baill foirne Leabharlanna Chontae Fhine Gall a chinnfidh glacadh le hábhair, aicmiú ábhar, seilfeanna ábhar, rochtain ar ábhair, suíomh ábhar agus diúscairt ábhar. Má ghlactar leo, caithfear leis na míreanna sin ar an mbealach céanna a gcaitear le stoc rialta agus tiocfaidh siad faoi úinéireacht Leabharlanna Fhine Gall.

## FREAGRACHT

De réir shuíomh Gréasáin Leabharlanna Éireann, dearbhaíonn Leabharlanna Fhine Gall an méid seo a leanas: "Tá tuismitheoirí/caomhnóirí freagrach as a leanaí sa leabharlann, as roghanna a leanaí, agus as an úsáid a bhaineann a leanaí as ábhar leabharlainne agus as seirbhísí leabharlainne, lena n-áirítear rochtain ar an Idirlíon agus ar acmhainní ar líne."

## ÉAGSÚLACHT, CUIMSIÚ AGUS INROCHTAINEACHT

Tá Leabharlanna Fhine Gall tiomanta don oibleagáid reachtúil atá orainn raon ábhar lena léirítear cultúir éagsúla agus dearcthaí éagsúla a chur ar fáil. Aithnímid freisin an oibleagáid atá orainn rochtain chomhionann a thabhairt do chách.

Feidhmíonn Leabharlanna Fhine Gall mar chuid de chuibhreannas Leabharlanna Éireann agus tá siad tiomanta do stoc a chomhroinnt.Tacaímid leis an éiteas atá i gceist le míreanna stoic a chur ar fáil do gach úsáideoir leabharlainne cláraithe ar fud na tíre.

Aithnímid an gá le hiasachtaí a thabhairt i bhformáidí éagsúla chun freastal ar riachtanais éagsúla ár n-iasachtaithe. Ceannaímid leabhair cló rialta, leabhair mhórchló, leabhair ghrafaice agus closleabhair i bhformáid fhisiciúil, agus ceannaímid nuachtáin, tréimhseacháin, DVDanna agus cluichí ríomhaire freisin. I gcás go mbeidh siad ar fáil, ceannaímid leabhair a thacaíonn le daoine a bhfuil disléicse orthu agus leabhair Braille freisin.Tá sé mar aidhm againn leaganacha digiteacha de leabhair, de chlosleabhair, de thréimhseacháin agus de nuachtáin a thairiscint trínár n-ardáin fhairsinge ríomhsheirbhísí.

Téimid in oiriúint do riachtanais éagsúla ár n-iasachtaithe trí bhogearraí sonracha ríomhaireachta, lúba ionduchtúcháin éisteachta agus teicneolaíochtaí cúnta agus oiriúnaitheacha eile a sholáthar d'úsáideoirí leabharlainne a bhfuil riachtanais speisialta acu. Cuirimid aip thiomnaithe Leabharlanna Fhine Gall ar fáil lena gcuirtear ar chumas úsáideoirí a gcuntas leabharlainne a bhainistiú, an chatalóg a chuardach, míreanna a athnuachan agus a chur in áirithe, agus seirbhísí cuntair féinseirbhíse a úsáid laistigh den leabharlann. Soláthraítear léi rochtain shoghluaiste do phátrúin leabharlainne ar ghléasanna Android agus iOS.

Sealbhaímid ábhar i nGaeilge agus i mBéarla.Déanaimid ár ndícheall freisin, áfach, ár sealúchais stoic a fhorbairt sna teangacha eile sin a thagann lenár riachtanais dhéimeagrafacha áitiúla ar an mbealach is fearr.

I gcás riachtanais litearthachta agus oideachais, cuirimid réimse leathan míreanna fisiciúla agus digiteacha ar fáil a thacaíonn le foghlaim ag leibhéil éagsúla léitheoireachta agus uimhearthachta.

Chun freastal ar ár bpobail uile ar fud Fhine Gall, cuirimid seirbhís shoghluaiste agus seirbhís do dhaoine atá gafa sa teach araon ar fáil. Tá ceithre veain atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, mar aon le raon leathan míreanna, inár seirbhís shoghluaiste. Leis an tseirbhís sin, tugtar rochtain d'iasachtaithe nach bhfuil leabharlann áitiúil ag freastal orthu faoi láthair. Lenár seirbhís do dhaoine atá gafa sa teach, tugtar seirbhís leabharlainne baile a sheachadann leabhair agus closleabhair do na daoine sin nach mbíonn in ann cuairt a thabhairt ar bhrainse leabharlainne, agus a bhailíonn na leabhair agus na closleabhair sin uathu.

iMar chuid de ghealltanas go dtabharfar rochtain níos fearr ar bhrainsí, leanaimid de rochtain a mhéadú trí Mo Leabharlann Oscailte.Is é is Mo Leabharlann Oscailte ann ná tionscnamh lena dtugtar rochtain do bhaill leabharlainne ar sheirbhísí leabharlainne amhail stoc leabharlainne a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais, an tIdirlíon agus wi-fi, priontáil, fótachóipeáil, agus spásanna staidéir agus léitheoireachta ar bhonn féinseirbhíse le linn uaireanta oscailte fadaithe.

## CÓIPCHEART

Comhlíonann Leabharlanna Fhine Gall gach foráil den reachtaíocht cóipchirt, mar atá leagtha amach in I.R. Uimh. 427/2000 – Rialacháin Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leabharlannaithe agus Cartlannaithe) (Ábhar atá faoi Chosaint a Chóipeáil), 2000.

## SAOIRSE INTLEACHTÚIL

Tacaíonn Leabharlanna Fhine Gall le ráiteas Chónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann Leabharlainne agus na nInstitiúidí Leabharlainne (IFLA) maidir le saoirse intleachtúil.

- Soláthraíonn leabharlanna rochtain ar fhaisnéis, ar smaointe agus ar shaothair shamhlaíochta. Feidhmíonn siad mar thairseacha chuig an eolas, chuig an smaointeoireacht agus chuig an gcultúr.
- Tugann leabharlanna tacaíocht riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, don chinnteoireacht neamhspleách agus don fhorbairt chultúrtha do dhaoine aonair agus do ghrúpaí araon.
- Rannchuidíonn leabharlanna le forbairt agus cothabháil na saoirse intleachtúla, agus cabhraíonn siad le luachanna daonlathacha bunúsacha agus cearta sibhialta uilíocha a chosaint.
- Tá freagracht ar leabharlanna as rochtain ar léirithe eolais agus gníomhaíochta intleachtúla a áirithiú agus a éascú araon. Chuige sin, déanfaidh leabharlanna an éagsúlacht ábhar is leithne a fháil, a chaomhnú agus a chur ar fáil, agus iad ag teacht le hiolracht agus éagsúlacht na sochaí.
- Cinnteoidh leabharlanna go mbeidh roghnú agus infhaighteacht ábhar leabharlainne agus seirbhísí leabharlainne faoi rialú ag breithniúcháin ghairmiúla agus ní ag tuairimí polaitiúla, morálta agus reiligiúnacha.
- Déanfaidh leabharlanna faisnéis a fháil, a eagrú agus a scaipeadh go saor agus cuirfidh siad in aghaidh aon chineál cinsireachta.
- Cuirfidh leabharlanna ábhair, saoráidí agus seirbhísí ar fáil go cothrom do gach úsáideoir. Ní bheidh aon idirdhealú ann mar gheall ar chine, ar chreideamh, ar inscne, ar aois ná ar aon chúis eile.
- Beidh cearta chun príobháideachta pearsanta agus chun anaithnideachta ag úsáideoirí leabharlainne. Ní dhéanfaidh leabharlannaithe ná baill foirne eile leabharlainne céannacht úsáideoirí ná na hábhair a úsáideann siad a nochtadh d'aon tríú páirtí.
- Seasfaidh leabharlanna a chistítear ó fhoinsí poiblí agus a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu le prionsabail na saoirse intleachtúla.
- Tá dualgas ar leabharlannaithe agus ar fhostaithe eile sna leabharlanna sin seasamh leis na prionsabail sin.
- Comhlíonfaidh leabharlannaithe agus baill foirne ghairmiúla eile leabharlainne a bhfreagrachtaí i leith a bhfostóra agus a n-úsáideoirí araon. I gcásanna go dtiocfaidh coinbhleacht chun cinn idir na freagrachtaí sin, beidh tosaíocht ag an dualgas i leith an úsáideora.

## ATHBHREITHNIÚ

Déanfar athbhreithniú tréimhsiúil ar an mbeartas seo chun a chinntiú go mbíonn sé freagrúil do riachtanais athraitheacha bhaill foirne agus ghealltsealbhóirí Leabharlanna Chontae Fhine Gall.

## AGUISÍN A: DOICIMÉID REACHTÚLA AGUS BHEARTAIS

An tAcht Leabharlann Poiblí, 1947: http://www.irishstatutebook.ie/eli/1947/act/40/enacted/en/print

An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil:
I.R. Uimh. 427/2000 – Na Rialacháin Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leabharlannaithe agus Cartlannaithe) (Ábhar atá faoi Chosaint a Chóipeáil), 2000.

Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Fhine Gall 2024 – 2029:
https://www.fingal.ie/sites/default/files/2019-03/Ar%20Leabharlanna%20Poibli%20Straiteis%20Naisiunta%202022.pdf

Treoirlínte ó IFLA: Guidelines for a Collection Development Policy using the Conspectus Model: http://www.ifla.org/files/assets/acquisition-collection-development/publications/gcdp-en.pdf Gifts for the Collections: Guidelines for Libraries: http://www.ifla.org/files/assets/hq/publications/professional-report/112.pdf